Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2133

17.10.2023

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2133 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Deireadh Fómhair 2023**

**lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu, nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9 agus naoi bhfo-chumasc, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó *Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C (2023)6739)*

**(Is iad na téacsanna Fraincise agus Ollainnise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2018, rinne Dow AgroSciences Europe, atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, iarratas a chur isteach, thar ceann Dow AgroSciences LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, chuig údarás inniúil na hÍsiltíre ('an t-iarratas') maidir le bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9 a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Bhain an t-iarratas freisin le táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9 a chur ar an margadh le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú.

(2) Ina theannta sin, bhain an t-iarratas le táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil, arb é atá iontu, nó a tháirgtear as cúig fho-chumasc is fiche de na teagmhais thrasfhoirmithe aonair arb é atá iontu arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 x NK603 x DAS-40278-9.

(3) Bhí sé cinn déag as na fo-chumaisc sin údaraithe cheana féin mar seo a leanas: MON 89034 × 1507, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/650/AE ón gCoimisiún ([2]); MON 89034 × MIR162, MON 89034 × NK603, MIR162 × NK603, MON 89034 × MIR162 × NK603, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60 ón gCoimisiún ([3]); MON 89034 × DAS-40278-9, 1507 × DAS-40278-9, MON 89034 × 1507 × DAS-40278-9, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2086 ón gCoimisiún ([4]); NK603 × DAS-40278-9, MON 89034 ×

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/650/AE ón gCoimisiún an 6 Samhain 2013 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu, nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe (GM) MON 89034 x 1507 x MON 88017 x 59122 (MON-89Ø34-3 × DAS- Ø15Ø7-1 × MON-88Ø17-3 × DAS-59122-7), ceithre arbhar Indiacha géinmhodhnaithe gaolmhara ina gcomhcheanglaítear trí cinn de na teagmhais dhifriúla thrasfhoirmithe aonair (MON89034 × 1507 × MON88017 (MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × MON-88Ø17-3), MON89034 × 1507 × 59122 (MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × DAS-59122-7), MON89034 × MON88017 × 59122 (MON-89Ø34-3 × MON-88Ø17-3 × DAS-59122-7), 1507 × MON 88017 × 59122 (DAS-Ø15Ø7-1 × MON-88Ø17-3 × DAS-59122-7)) agus ceithre arbhar Indiacha géinmhodhnaithe gaolmhara ina gcomhcheanglaítear dhá cheann de na teagmhais dhifriúla thrasfhoirmithe aonair (MON89034 × 1507 (MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1), MON89034 × 59122 (MON-89Ø34-3 × DAS-59122-7), 1507 × MON88017 (DAS-Ø15Ø7-1 × MON-88Ø17-3), MON 88017 × 59122 (MON-88Ø17-3 × DAS-59122-7)) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 302, 13.11.2013, lch. 47).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/60 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu, nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 87427 × MON 89034 × MIR162 × NK603, agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe aonair MON 87427, MON 89034, MIR162, NK603 a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (MON) 2018/1111 de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 26, 26.1.2021, lch. 5).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2086 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu, nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 x 1507 x MON 88017 x 59122 x DAS-40278-9 agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann, trí cinn nó ceithre cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe aonair MON 89034, 1507, MON 88017, 59122 agus DAS-40278-9, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 6.12.2019, lch. 87).

NK603 × DAS-40278-9, 1507 × NK603 × DAS-40278-9, MON 89034 × 1507 × NK603 × DAS-40278-9 arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún 2019/2085 ([5]); 1507 × MIR162, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1305 ón gCoimisiún ([6]); 1507 × NK603, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1306 ón gCoimisiún ([7]); MON 89034 × 1507 × NK603, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/648/AE ón gCoimisiún ([8]); 1507 × MIR162 × NK603, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388 ón gCoimisiún ([9]).

(4) Cumhdaítear leis an gCinneadh seo na naoi bhfo-chumasc atá fágtha san iarratas: MIR162 × DAS-40278-9, MON 89034 × 1507 × MIR162, MON 89034 × MIR162 × DAS-40278-9, 1507 × MIR162 × DAS-40278-9, MIR162 × NK603 × DAS-40278-9, MON 89034 × 1507 × MIR162 × DAS-40278-9, MON 89034 × 1507 × NK603 × DAS-40278-9, MON 89034 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9, 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9 ('na naoi bhfo-chumasc lena mbaineann').

(5) I gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, áiríodh san iarratas faisnéis agus conclúidí maidir leis an measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]). Áiríodh ann freisin an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin mar aon le plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.

(6) I litir dar dáta an 22 Márta 2021, chuir Corteva Agriscience LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, an Coimisiún ar an eolas gur athraigh Dow AgroSciences LLC a ainm go Corteva Agriscience LLC amhail ón 1 Eanáir 2021.

(7) I litir dár dáta an 22 Márta 2021, chuir Corteva Agriscience LLC an Coimisiún ar an eolas gurb é Corteva Agriscience Belgium BV, atá lonnaithe sa Bheilg, a ionadaí san Aontas amhail 22 Márta 2021.

(8) An 12 Lúnasa 2022, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch fhabhrach ([11]) i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le harbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9 agus a fho-chumaisc, mar a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil siad chomh sábháilte leis an gcomparadóir neamh-ghéinmhodhnaithe agus leis na cineálacha tagartha neamh-ghéinmhodhnaithe a mhéid a bhaineann leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine, ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2085 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a thairgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × NK603 × DAS-40278-9 agus fo-chumaisc MON 89034 × NK603 × DAS-40278-9, 1507 × NK603 × DAS-40278-9 agus NK603 × DAS-40278-9, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 6.12.2019, lch. 80).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1305 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a thairgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe Bt11 × MIR162 × 1507 × GA21 agus fo-chumaisc Bt11 × MIR162 × 1507, MIR162 × 1507 × GA21 agus MIR162 × 1507, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 204, 2.8.2019, lch. 69).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1306 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena ndéantar athnuachan ar an údarú maidir le táirgí ina bhfuil arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507× NK603 (DAS-Ø15Ø7-1 × MON-ØØ6Ø3-6), atá comhdhéanta de, nó a tháirgtear as, a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 204, 2.8.2019, lch. 75).

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/648/AE ón gCoimisiún an 6 Samhain 2013 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a thairgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON89034 × 1507 × NK603 (MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × MON-ØØ6Ø3-6) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 302, 13.11.2013, lch. 38).

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1388 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2021 lena n-údaraítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a thairgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × MIR162 × MON810 × NK603 agus arbhar Indiach géinmhodhnaithe ina gcomhcheanglaítear dhá cheann nó trí cinn de na teagmhais thrasfhoirmithe 1507, MIR162, MON810 agus NK603, a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 300, 24.8.2021, lch. 22).

([10]) Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

([11]) Painéal OGM EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2022; Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú ar arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9 agus a fho-chumaisc, le haghaidh úsáidí bia agus beatha, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (iarratas EFSA-GMO-NL-2018-151). EFSA Journal [Iris EFSA] 2022; 20(8):7451. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7451.

(9) Níor sainaithníodh aon ábhar imní nua maidir le sábháilteacht na bhfo-chumasc a ndearnadh measúnú orthu roimhe seo agus, dá bhrí sin, tá na conclúidí a bhí ann roimhe seo maidir leis na fo-chumaisc sin fós bailí. A mhéid a bhaineann leis na naoi bhfo-chumaisc lena mbaineann, bhain an tÚdarás de thátal as go bhfuil coinne leis go mbeidh siad chomh sábháilte leis na teagmhais thrasfhoirmithe aonair MON 89034, 1507, MIR162, NK603 agus DAS-40278-9, na fo-chumaisc a measadh roimhe seo agus le cruach an arbhair Indiaigh de chúig theagmhas MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9.

(10) Sa tuairim eolaíoch uaidh, rinne an tÚdarás breithniú ar gach ceist agus ábhar imní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(11) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin i dtaca leis an bplean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil, arna chur isteach ag an iarratasóir, ina bhfuil plean ginearálta faireachais, go bhfuil an plean sin i gcomhréir leis na húsáidí atá beartaithe le haghaidh na dtáirgí.

(12) An 17 Aibreán 2023, d'eisigh an tÚdarás ráiteas chun a thuairim eolaíoch a chomhlánú, ag cur san áireamh faisnéis bhreise a chuir an pobal ar fáil. Níor shainaithin an tÚdarás aon impleacht ón bhfaisnéis bhreise maidir le sábháilteacht arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR162 do bhia agus do bheatha nó don chomhshaol agus dheimhnigh sé go bhfuil conclúidí a thuairim eolaíoch fós bailí.

(13) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir le táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a thairgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9, agus na naoi bhfo-chumaisc lena mbaineann, ba cheart údarú a thabhairt chun iad a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.

(14) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh d'arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9, agus na naoi bhfo-chumaisc lena mbaineann, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ([12]).

(15) I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, is cosúil nach gá aon cheanglas sonrach lipéadaithe, seachas na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]). D'fhonn a áirithiú, áfach, go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí sin laistigh de theorainneacha an údaraithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart léiriú soiléir a lipéadú na dtáirgí a chumhdaítear leis an údarú sin, cé is moite de tháirgí bia, léiriú a shoiléiríonn nach bhfuil siad ceaptha lena saothrú.

(16) Ba cheart do shealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ([14]).

(17) Ní thugann tuairim an Údaráis údar le coinníollacha sonracha nó srianta sonracha a fhorchur maidir le cur ar an margadh, maidir le húsáid agus láimhseáil, lena n-áirítear ceanglais faireacháin iarmhargaidh i ndáil leis an mbia agus leis an mbeatha a chaitheamh ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9 agus na fo-chumaisc uile de, nó maidir le héiceachórais/comhshaoil agus/nó limistéir gheografacha ar leith a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5), pointe (e) agus Airteagal 18(5), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

(18) Ba cheart gach faisnéis ábhartha maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, a chur isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

---

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear as orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

([14]) Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí caighdeánacha tuairiscithe chun na torthaí faireacháin ar scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol, i bhfoirm táirgí nó i dtáirgí, a chur i láthair, chun críche iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

(19) Tá fógra le tabhairt faoin gCinneadh seo trí Theach Imréitigh na Bithshábháilteachta do na Páirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]).

(20) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é chun go ndéanfaí tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóirí uathúla**

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004, sanntar na haitheantóirí uathúla seo a leanas d'arbhar Indiach géinmhodhnaithe (*Zea mays* L.), mar atá sonraithe i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo:

(a) an t-aitheantóir uathúil MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9;

(b) an t-aitheantóir uathúil MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162 × DAS-40278-9;

(c) an t-aitheantóir uathúil MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × NK603 × DAS-40278-9;

(d) an t-aitheantóir uathúil MON-89Ø34-3 × SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9;

(e) an t-aitheantóir uathúil DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × MIR162 × NK603 × DAS-40278-9;

(f) an t-aitheantóir uathúil MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × 1507 × MIR162;

(g) an t-aitheantóir uathúil MON-89Ø34-3 × SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON 89034 × MIR162 × DAS-40278-9;

(h) an t-aitheantóir uathúil DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe 1507 × MIR162 × DAS-40278-9;

(i) an t-aitheantóir uathúil SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR162 × NK603 × DAS-40278-9;

(j) an t-aitheantóir uathúil SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9 le haghaidh arbhar Indiach géinmhodhnaithe MIR162 × DAS-40278-9.

*Airteagal 2*

**Údarú**

Údaraítear na táirgí seo a leanas chun críocha Airteagal 4(2) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

(a) bia agus comhábhair bhia ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1;

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann orgánach géinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

(b) beatha ina bhfuil, arb é atá inti nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1;

(c) táirgí ina bhfuil nó arb é atá iontu arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1 le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b), cé is moite de shaothrú.

*Airteagal 3*

**Lipéadú**

1. Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é 'arbhar Indiach' a bheidh mar 'ainm an orgánaigh'.

2. Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó atá comhdhéanta d'arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2.

*Airteagal 4*

**An modh braite**

Beidh feidhm ag na modhanna a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le hArbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhrath.

*Airteagal 5*

**Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil**

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go ndéanfar an plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaol, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn, a chur ar bun agus a chur chun feidhme.

2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

*Airteagal 6*

**Clár Comhphobail**

An fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn, cuirfear isteach í sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

*Airteagal 7*

**Sealbhóir an údaraithe**

Is é Corteva Agriscience LLC, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.

*Airteagal 8*

**Bailíocht**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a thabharfar fógra ina leith.

*Airteagal 9*

**Seolaí**

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium BV, Rue Montoyer 25, 1000 An Bhruiséil, an Bheilg.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

(a) **Iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Corteva Agriscience LLC |
| Seoladh: | 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá; |
| | arna ionadú san Aontas ag: Corteva Agriscience Belgium BV, Rue Montoyer 25, 1000 An Bhruiséil, An Bheilg. |

(b) **Ainmniú agus sonrú na dtáirgí:**

(1) bia agus comhábhair bhia ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e);

(2) beatha ina bhfuil, arb é atá inti nó a tháirgtear as arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e);

(3) táirgí ina bhfuil nó arb é atá iontu arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e); le haghaidh úsáidí seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2), cé is moite de shaothrú.

An t-arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON-89Ø34-3, léiríonn sé na géinte *cry1A.105* agus *cry2Ab2*, lena dtugtar cosaint in aghaidh lotnaidí léipidipteireacha áirithe.

An t-arbhar Indiach géinmhodhnaithe DAS-Ø15Ø7-1, léiríonn sé na géinte *cry1F*, lena dtugtar cosaint in aghaidh lotnaidí léipidipteireacha áirithe agus an ghéin *pat*, lena dtugtar frithsheasmhacht i gcoinne luibhicídí bunaithe ar amóiniam glúfosanáite.

An t-arbhar Indiach géinmhodhnaithe SYN-IR162-4, léiríonn sé an ghéin *vip3Aa20*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh lotnaidí léipidipteireacha áirithe. Ina theannta sin, an *ghéin pmi*, códú do phróitéin PMI, baineadh úsáid aisti mar mharcóir roghnaithe sa phróiseas modhnú géiniteach.

An t-arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON-ØØ6Ø3-6 léiríonn sé an ghéin *cp4 epsps* agus na géinte *cp4 epsps l214p*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá bunaithe ar an ngliofosáit.

An t-arbhar Indiach géinmhodhnaithe DAS-4Ø278-9, léiríonn sé an ghéin *aad-1*, lena dtugtar frithsheasmhacht i gcoinne aigéad 2,4-déchlóraifeanocsaicéiteach (2,4-D) agus luibhicídí airiolocsaifeanocsaprópianáite (AOPP).

(c) **Lipéadú:**

(1) Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, is é 'arbhar Indiach' a bheidh mar 'ainm an orgánaigh';

(2) Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar lipéad na dtáirgí agus i ndoiciméid a ghabhann leis na táirgí sin ina bhfuil nó arb é atá iontu an t-arbhar Indiach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (e), cé is moite de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **Modh braite:**

(1) Is éard sna modhanna teagmhas-shonracha cainníochtúla braite PCR na modhanna arna mbailíochtú ina n-aonar le haghaidh theagmhais arbhar Indiach géinmhodhnaithe MON-ØØ6Ø3-6 agus DAS-4Ø278-9 agus atá fíoraithe a thuilleadh ar arbhar Indiach MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9.

(2) Arna bhailíochtú ag Saotharlann Tagartha an Aontais arna bunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx

(3) Ábhar Tagartha: Tá AOCS 0906 (do MON-89Ø34-3) inrochtana tríd an American Oil Chemists Society ag https://www.aocs.org/crm#maize; ERM®-BF418 (do DAS-Ø15Ø7-1), ERM®-BF446 (do SYN-IR162-4), ERM®-BF415 (do MON-ØØ6Ø3-6) agus ERM®-BF433 (do DAS-4Ø278-9) ar fáil tríd an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ag https://crm.jrc.ec.europa.eu/.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9;

MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9;

MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9;

MON-89Ø34-3 × SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9;

DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9;

MON-89Ø34-3 × DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4;

MON-89Ø34-3 × SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9;

DAS-Ø15Ø7-1 × SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9;

SYN-IR162-4 × MON-ØØ6Ø3-6 × DAS-4Ø278-9;

SYN-IR162-4 × DAS-4Ø278-9.

(f) **Faisnéis a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht:**

[Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: *arna fhoilsiú i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a fhógraítear é*].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol:**

Plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE.

[Nasc: *plean a foilsíodh sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Ceanglais faireacháin iarmhargaidh maidir le húsáid an bhia lena chaitheamh ag an duine:**

Ní gá.

Nóta: *d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig na doiciméid ábhartha a athrú thar thréimhse ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal trí chlár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.*